Institute of Technology Blanchardstown
Institiúid Teicneolaíochta Baile Bhlainséir

# Institiúid Teicneolaíochta Baile Bhlainséir
# Tuarascáil Bhliantúil

1 Meán Fómhair 2010 –
31 Lúnasa 2011

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL DON TRÉIMHSE
# 1 MEÁN FÓMHAIR 2010 - 31 LÚNASA 2011

## Clár Ábhair


1. Ráiteas Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta 3
2. Intreoir an Uachtaráin 4
3. Rialachas agus Bainistíocht 5
4. Gníomhaíochtaí Acadúla 7
    a. Scoil Ghnó agus Daonnachtaí 7
    b. Scoil Fhaisnéisíochta agus Innealtóireachta 9
    c. LINC 11
5. Próifíl na Mac Léinn agus na Foirne 13
6. Scoth na mBuaicphointí is Suntasaí 17
7. Scoth na bhFoilseachán Foirne 19
8. Ráitis Airgeadais 21

# RÁITEAS CHATHAOIRLEACH AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA

Mar Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, tá áthas orm an tuarascáil bhliantúil don bhliain acadúil 2010/2011 a chur faoi bhur mbráid.

Ón uair a ceapadh mé ag an Aire Oideachais & Eolaíochta mar Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar 7 Aibreán 2008, d'fhás an Institiúid go suntasach, ó 1,667 mac léinn chuig an líon reatha de 2,592 mac léinn agus ag an am céanna leathnaíodh raon na gcúrsaí atá ar fáil le go gcuimseofaí na hábhair seo a leanas: cúram sóisialta, cúram agus oideachas na luath-óige, forbairt shóisialta agus phobail, meáin chumarsáide chruthaitheacha dhigiteacha agus bainistiú agus cóitseáil spóirt.

Baineann dúshláin leis an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas in Éirinn (Tuarascáil Hunt) do gach duine a bhfuil baint aige nó aici i ndearadh agus i seachadadh an oideachais tríú leibhéal. Aithnítear go forleathan gur cuid lárnach den fhorbairt eacnamaíoch in Éirinn amach anseo é an t-oideachas agus ag cuimhneamh air sin, tá mé ag súil go mór le bheith ag obair i gcomhar leis an bhfoireann le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú le mo bhuíochas a ghabháil le baill eile an Bhoird Bhainistíochta, le hUachtarán agus le foireann na hInstitiúide as a gcuid díograise go dtí seo.

Emmet Browne

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

## INTREOIR AN UACHTARÁIN

Clúdaíonn an tuarascáil bhliantúil seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2010 go 31 Lúnasa 2011, tréimhse inar eascair an-chuid dúshlán don Institiúid, le ciorruithe suntasacha don fhoireann, lánchosc ar earcú ag an am céanna is a bhí líon na mac léinn ag dul i méid, agus an neamhchinnteacht a bhaineann le buiséad Mhí na Nollag, 2010, agus a chuid impleachtaí don Institiúid.

Ag an am céanna bhí iarmhairt an chúlaithe eacnamaíochta ag dul i bhfeidhm orainn go suntasach, le loiceadh iomlán an éilimh ar áiteanna printíseachta agus leis an ngá méadaithe go dtabharfadh earnáil an oideachais freagra ar riachtanais thionsclaíocha agus shóisialta atá ag athrú go mear.

Chuir eolas, scileanna agus cumais ár gcuid ball foirne ar ár gcumas freastal agus freagra a thabhairt ar na dúshláin seo ar fad agus is féidir léamh faoi na torthaí ar na leathanaigh seo. Cúis áthais dom, mar sin de, an tuarascáil bhliantúil seo a chur i láthair mar thaifead den obair atá á cur i gcrích anseo i ITB, agus níl aon amhras orm go mbeidh an Institiúid, leis na leibhéil chéanna tiomantais fhoirne agus fhuinnimh, in ann freagra a thabhairt ar gach dúshlán amach anseo.

Gabhaim buíochas le foireann na hInstitiúide ar fad as a dtiomantas leanúnach agus ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin le mo bhuíochas a ghabháil le baill an Bhoird Bhainistíochta as a gcuid tacaíochta agus as a gcuid treorach.

An Dr. Mary Meaney

Uachtarán

## RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

### Bord Bainistíochta

Bunaítear an Bord Bainistíochta de réir Achtanna na hInstitiúide Teicneolaíochta 1992-2006. Sracrianaítear a bhallraíocht in Alt 6 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, agus sracrianaítear a chuid croífheidhmeanna in Alt 8 den Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006.

Seo a leanas liosta de bhaill an Bhoird Bhainistíochta do théarma na tuarascála bliantúla seo:

| | |
|---|---|
| Emmet Browne | Pfizer (Cathaoirleach) |
| Dr. Mary Meaney | Uachtarán |
| Cmhlr. Joan Maher | Comh. Contae Fhine Gall |
| Cmhlr.Margaret Richardson | Comh. Contae Fhine Gall |
| Cmhlr. Nick Killian | Comh. Contae na Mí Comh. |
| Cmhlr. Katie Ridge | Contae Chill Dara |
| Malachy Buckeridge | Coiste Gairmoideachas Chathair Átha Cliath |
| Deirdre Keyes | Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath |
| Pauline Duffy | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leasphríomhoidí |
| Deirdre McDonough | Fiontraíocht Éireann |
| Marion Flanagan | An Chomhairle Ealaíon |
| Anastasia Crickley | An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Chiníochas & Idirchultúrachas |
| Joe Halvey | Comhdháil na gCeardchumann |
| Patrick Bowler | Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann |
| Damien Keenan | Ionadaí acadúil (téarma dar tús: 29/10/2010) |
| Fionnuala Darby | Ionadaí acadúil |
| Mairead Murphy | Ionadaí neamhacadúil |
| Leonie Troy | Ionadaí na mac léinn |
| David Farrell | Ionadaí na mac léinn |

### An Chomhairle Acadúil

Bunaítear an Chomhairle Acadúil de réir Ailt 10 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992, agus cuireann sí na feidhmeanna i gcrích a shracrianaítear ann. Is comhlacht reachtúil í an Chomhairle Acadúil atá freagrach as cúrsaí acadúla laistigh den Institiúid. Is é an príomhthasc atá aici ná beartais acadúla na hInstitiúide a cheapadh agus a chur i gcrích. Tá an Chomhairle Acadúil freagrach as caighdeán na ngníomhaíochtaí acadúla ar fad laistigh den Institiúid. Roghnaítear gach Comhairle Acadúil ar feadh téarma de thrí bliana, seachas na baill ar mic léinn iad a thoghtar ar bhonn bliantúil.

Seo a leanas liosta de bhaill na Comhairle Acadúla do théarma na tuarascála bliantúla seo:

| | |
|---|---|
| Dr Mary Meaney | Mr Niall Campbell |
| Dr Diarmuid O'Callaghan | Mr Dave Carroll |

Mr Tom Doyle *(Ar pinsean l.f.ó. 30.11.2010)*
Dr Larry McNutt
Mr Pat O'Connor
Mr Richard Gallery
Dr Celesta McCann James
Dr Brian Nolan
Ms Bronagh Elliott
Ms Aidin O'Sullivan
Ms Lesley Ann Flynn
Mr Michael Keane
Ms Mary O'Reilly
Ms Natalie Cazaux
Mr Damian Cox
Dr Catherine Deegan
Dr Ruth Harris
Dr Markus Hofmann
Ms Denise Lyons
Ms Deirdre McGrath
Dr Matt Smith
Ms Emma Dawson
Mr David Farrell

## Grúpa Bainistíochta Sinsearaí

Cuimsíonn an Grúpa Bainistíochta Sinsearaí an tUachtarán, an Cláraitheoir, na Ceannairí Scoile, an Rúnaí/ an Rialtóir Airgeadais agus an Ceannaire Forbartha. Cuimsíonn a gcuid feidhmeanna mar fhoireann bhainistíochta:

- Teacht ar chomhaontú faoi agus dul sa tóir ar chuspóirí straitéiseacha do chroíghníomhaíochtaí de chuid na hInstitiúide
- Socruithe a dhéanamh agus bearta a shannadh maidir le bainistiú acmhainní agus le cumarsáid
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhdháta feidhmíochta
- Tuairisc a thabhairt don Bhord Bainistíochta agus do na comhlachais fhoirne de réir mar a theastaíonn.

Ba iad na baill do thréimhse na tuarascála bliantúla ná:

Dr Mary Meaney (Uachtarán)

Dr Diarmuid O'Callaghan (Cláraitheoir)

Eileen Quinn (Rúnaí/ Rialaitheoir Airgeadais)

Dr Larry McNutt (Ceannasaí na Scoile Faisnéisíochta agus Innealtóireachta)

Tom Doyle (Ceannasaí Forbartha)
*(Ar pinsean l.f.ó. 30.11.2010)*

Pat O'Connor (Ceannasaí na Scoile Gnó agus Daonnachtaí)

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ ACADÚLA

Soláthraíonn ITB raon leathan clár acadúil idir leibhéal 6 & 9 ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (CNC). Deartar iad seo le freastal ar riachtanais réigiúnacha agus náisiúnta, le béim ar:

- Ardoideachas speisialaithe do thionscail cheannródaíocha sa réigiún
- Uasghrádú na scileanna speisialaithe teicniúla/teicneolaíocha
- Oideachas leantach agus freastal ar riachtanais na mac léinn aibí.
- Cúrsaí inseirbhíse, athoiliúint agus nuashonrú scileanna
- Ag tabhairt aghaidhe ar shainriachtanais na bhfoghlaimeoirí a eascraíonn as míbhuntáiste nó míchumas oideachasúla

Tairiscíodh 32 chlár lánaimseartha agus 35 chlár pháirtaimseartha don bhliain acadúil 2010/2011. Ina theannta sin, le linn na bliana d'fhreagair an Institiúid ar riachtanais an gheilleagair agus thairg sí roinnt clár breisoiliúna do dhaoine dífhostaithe faoin scéim um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair agus faoin gCiste Eorpach Domhandaithe. Soláthraíonn an córas dréimire dul chun cinn idir cúrsaí deiseanna do mhic léinn dul ar aghaidh ó leibhéal Ardteastais go Gnáthchéim Bhaitsiléara agus ar aghaidh go leibhéal Céime Onóracha Bhaitsiléara agus Iarchéime.

Leis an raon iomlán cúrsaí a fheiceáil atá le fáil faoi láthair in ITB, téigh chuig ár suíomh gréasáin ag www.itb.ie.

## An Scoil Ghnó agus Daonnachtaí

Tá an Scoil Ghnó agus Daonnachtaí dírithe go príomha ar fhorbairt agus ar sholáthar cúrsaí sna réimsí seo a leanas: Gnó, Bainistiú agus Cóitseáil Spóirt, Teangacha, Cúram Sóisialta, Forbairt Shóisialta agus Phobail, agus Cúram agus Oideachas na Leanbaíochta. Léiríonn an raon cúrsaí a thairiscítear éagsúlacht na ndeiseanna ardoideachais atá ar fáil ag ITB.

### *An Rannóg Ghnó*

Treisíodh na cláir reatha sa Roinn Gnó, rud a léirítear ag forbairt an Chláir Ghnó Idirnáisiúnta agus leathnú fhairsinge na gcúrsaí trí fhorbairt cláir chéime onóracha i gCuntasaíocht agus i gCúrsaí Airgeadais, agus Bainistiú agus Cóitseáil Spóirt, agus Clár Máistreachta Gnó, a bailíodh agus a tairiscíodh den chéaduair i 2010. Is forbairt an-suntasach do ITB mar institiúid ardoideachais é Clár na Máistreachta. Níos déanaí, chuir forbairt Ard-dioplóma sa Ghnó deis i bhfeidhm do na Mic Léinn Idirnáisiúnta teacht a bheith acu ar chláir Ghnó agus go háirithe an clár Máistreachta sa Ghnó. Tá naisc bunaithe ag an scoil chomh maith le hinstitiúidí comhpháirtíochta san Eoraip le malartuithe mic léinn a éascú, go háirithe dóibh siúd a bhíonn ag foghlaim teangacha Eorpacha mar chuid dá gcúrsa. Tá tuilleadh forbartha á dhéanamh ar fhócas idirnáisiúnta na rannóige i bhfoirm thionscnamh agus threisiú nasc leis an tSín, le Ceanada agus le Stáit Aontaithe Mheiriceá.

## *An Rannóg Daonnachtaí*

Treisíodh cláir na Rannóige Daonnachtaí chomh maith, agus tá cúrsaí ar fáil san Fhorbairt Shóisialta agus Phobail ó bhí 2009 ann agus cuireadh clár i réimse Chúram agus Oideachas na Leanbaíochta ar fáil chomh maith i 2010; tairiscítear an bheirt acu ag leibhéal 7 agus ag leibhéal 8. Rinneadh tuilleadh forbartha ar chláir theanga, ag tosú le forbairt dioplóma iarchéime do mhúinteoirí bunscoile sa Fhraincis agus sa Ghearmáinis, forbartha agus bailithe tuilleadh mar Mháistreacht Ealaíne agus mar Mháistreacht Ealaíne in Oideachas na dTeangacha (an Béarla an dara teanga).

Ghiaráil an Rannóg freisin solúbthacht an Tarmligin Údaráis agus an Chreata Náisiúnta Cháilíochtaí le cláir ordaithe shainchuspóra a fhorbairt agus a sheachadadh do pháirtithe leasmhara an tionscail, leithéidí Seirbhísí Faisnéise na Saoránach, Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Cumann Lúthchleas Gael (CLG).

Rinneadh forbairtí suntasacha i réimse an taighde laistigh den rannóg; bhí baill fhoirne ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí maoinithe taighde agus faoi mhéadú raon agus doimhneacht na gcáilíochtaí agus na forbartha acadúla.

## *Taighde*

Léiríonn taighde ag an Scoil Ghnó réimse leathan chúlraí disciplíneacha na foirne, agus spreagtar é ag a gcuid suimeanna agus ag soláthar an mhaoinithe. Thug an fhoireann acadúil faoi réimse éagsúil gníomhaíochta taighde, spreagtha ag SIF 1 agus 2, ag ciste nuálaíochta AIB agus ag Fiontraíocht Éireann. Freisin thacaigh siad le agus chuir siad tuairisc faoi bhráid comhdhálacha ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta le déanaí.

Spreagtar an fhoireann acadúil le tabhairt faoi thaighde agus lena gcuid cáilíochtaí reatha a uasghrádú; chríochnaigh beirt acu staidéar PhD le bliain anuas agus tá aon duine dhéag eile ag tabhairt faoi staidéir dhochtúireachta. Leathnaíodh na deiseanna taighde le tamall anuas agus tá siad ag dul i méid i gcónaí, a bhuíochas sin d’fhorbairt ár gcuid clár agus mar gheall ar dhoimhneacht mhéadaithe dhisciplíní na scoile. Cothaítear gníomhaíochtaí taighde ag an leibhéal fochéime agus iarchéime; bíonn mic léinn ag críochnú a gcuid tráchtas agus tionscadal taighde eile mar chuid dá gcuid cáilíochtaí. Cé gur beag an líon de chéimeanna taighde atá againn tá súil ag an scoil go mbainfidh mac léinn dár gcuid céim PhD amach den chéaduair i Mí na Samhna 2013.

Cruthaíonn na cúinsí eacnamaíocha reatha timpeallacht dheacair don taighde i réimse na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta agus don mhaoiniú sa réimse seo; de réir mar a fhásann agus a fhorbraíonn an Scoil, áfach, tá deiseanna nua ag teacht chun cinn agus táimid ag tosú ar éileamh méadaithe a fheiceáil i dtaca le taighde ón bpobal áitiúil agus ó ghrúpaí pobail.

## An Scoil Fhaisnéisíochta agus Innealtóireachta

Bíonn an Scoil Fhaisnéisíochta agus Innealtóireachta ag freastal ar riachtanais sochaí eolasbhunaithe trí thairiscint raon leathan clár ardoideachais gairmbhunaithe i réimsí na leictreonaice, na hinnealtóireachta ríomhaireachta, na heolaíochta ríomhaireachta, na meán cumarsáide cruthaitheach digiteach, na meicitreonaice, na gairneoireachta agus na bprintíseachtaí. Cheadaigh saineolas fhoireann na scoile forbairt raon comhpháirtíochtaí leis an tionscal áitiúil agus leis an bpobal. Chinntigh an comhoibriú seo go háirithe inár gcroíréimsí deartha agus thaighde churaclaim go mbíonn ár gcuid clár fochéime agus iarchéime lánábhartha don tionscal agus don tsochaí.

### *An Rannóg Fhaisnéisíochta*

Thug an Rannóg Fhaisnéisíochta speisialachais nua isteach sa tslándáil agus san fhóiréinsic, san éirim ghnó, i mianadóireacht na sonraí agus sna meáin chumarsáide chruthaitheacha dhigiteacha. Saothraíonn cláir oideachais leantaigh solúbthacht ár struchtúir chláir mhodúlaigh, agus tabhairt isteach miondámhachtainí agus dámhachtainí sainchuspóra a dearadh le freastal a dhéanamh ar riachtanais an phobail áitiúil agus an tionscail TEC áitiúil. Cheadaigh an Gréasán Foghlama Réigiúnach, le tacaíocht chiste infheistíochta TE ÚAO, forbairt dlúthnasc le coláistí comhpháirtíochta FETAC, a bhfuil a gcuid céimithe in inmhe leas a bhaint as roghanna iontrála ag céim chun cinn chuig ár gcuid clár céime ríomhaireachta. Leanann na gníomhaíochtaí taighde agus léannta orthu de bheith ag forbairt go tapa, faoi mar a thaifeadtar in irisleabhar ITB a fhoilsítear dhá uair in aghaidh na bliana agus a ndéantar eagarthóireacht air ag baill fhoirne de chuid na rannóige.

Bhí an Rannóg páirteach go gníomhach freisin i roinnt tionscnamh náisiúnta, lena n-áirítear an Tionscnamh um Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair; Infheistíocht TE ÚAO a thacaíonn le tairiscint fhoghlama cumaisc an Ard-Dioplóma sa Ríomhaireacht agus samplaí éagsúla comhoibrithe SIF i réimse na e-fhoghlama, na stíleanna foghlama agus staidéar na mbodhar.

Saintréith de chuid na Rannóige le himeacht na mblianta é an comhoibriú le páirtithe leasmhara éagsúla – tairiscíodh siollabas i réimse na Tacaíochta TE a dearadh ar bhonn comhoibríoch d'fhostaithe INTEL agus IBM ag leibhéil CNC 6,7, agus 8. Dearadh ár M.Sc. sa Ríomhaireacht an chéaduair i gcomhar le rannóg TE INTEL. Is gné de chuid an Ghréasáin Fhoghlama Réigiúnaigh í an oiliúint tionscail i gcomhar leis an LINC, le comhpháirtíochtaí rafara le Ericsson, Damova agus Symantec.

### *An Rannóg Innealtóireachta*

Tá athruithe suntasacha le sonrú sa Rannóg Innealtóireachta ó bhí an tuarascáil bhliantúil dheireanach ann. B'éigean dúinn aghaidh a thabhairt ar éileamh gan fhasach le haghaidh áiteanna printíseachta, rud a rinne ardtosaíocht de chríochnú an Bhloic D, ár n-áis úrscothach; tá deireadh leis an éileamh seo anois agus tá líon na bprintíseach tar éis dul i laghad an oiread sin go bhfuil an múnla Náisiúnta oiliúna printíseach faoi bhagairt. Tairiscíonn am an dúshláin deiseanna freisin, áfach, agus tairiscíonn an Rannóg cúrsaí i réimsí éiritheacha anois, leithéidí fuinneamh inbhuanaithe, réimsí iarfheistithe agus fiontraíocht teicneolaíochta. Rinne an Rannóg clár páirtaimseartha sa Mheicitreonaic a athsheoladh go rafar freisin, céim fhorlíontach ar líne san áireamh.

Bhí an Rannóg ina rannpháirteach gníomhach i dTionscnaimh Náisiúnta faoi Ghníomhachtú an Mhargaidh Shaothair, ag reáchtáil clár breisoiliúna do dhaoine dífhostaithe (lena n-áirítear printísigh cáilithe, a bhain iontráil ag céim chun cinn amach go bliain 2 d'ár gclár Teicneolaíochta Rialúcháin agus Leictreonaigh Inbhuanaithe) agus ina theannta sin bhíomar ag obair le Ciste Eorpach um Domhandú SR Technics le breisoiliúint agus athoiliúint a thabhairt d'iarfhostaithe

SR Technics. Bhí an Rannóg gníomhach i dtionscnamh Nuálaíochta Straitéisí ÚAO, le cláir i bhFoghlaim Fhadhb-bhunaithe agus i bhFiontraíocht Champais Luasghéaraithe.

## *Taighde*

Is gníomhaíochtaí idirspleácha agus idirghaolmhara iad an taighde, an scoláireacht, an t-aistriú foghlama agus teagaisc agus teicneolaíochta. Spreagtar gach ball foirne le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí taighde agus/nó scoláireachta a dheartar le cinntiú go mbíonn na baill fhoirne ar an eolas faoi fhorbairtí comhaimseartha ina gcuid disciplíní agus san oideolaíocht. Spreagtar gníomhaíochtaí taighde fheidhmigh ag leibhéal na céime agus na hiarchéime bunaithe ar na príomhréimsí disciplíne seo a leanas: an ríomheolaíocht, an leictreonaic agus an innealtóireacht ríomhaireachta, an mheicitreonaic, an ghairneoireacht, na meáin chumarsáide chruthaitheacha dhigiteacha agus an fuinneamh inbhuanaithe.

Faoi láthair laistigh den Scoil, tá an fócas ar ghníomhaíocht taighde dírithe ar mhealladh maoinithe ó phríomhfhoinsí, lena n-áirítear:

| | |
|---|---|
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | An Ciste Nuálaíochta Straitéiseach, Timthriall 1 agus 2;<br>Ciste Infheistíochta TE;<br>Athnuachan Trealaimh Chaipitil;<br>An Stór Náisiúnta Foghlama Digití (SNFD) |
| An tAontas Eorpach | Leonardo |
| Fiontraíocht Éireann | Comhpháirtíochtaí<br>Nuálaíochta<br>Dearbháin Nuálaíochta<br>Cruthúnais Choincheapa<br>Ciste tráchtálaithe |
| Institiúid | Ciste Nuálaíochta AIB |

Tuigimid, áfach, a dheacra is atá na cúinsí eacnamaíocha reatha, agus glacaimid leis go gcuirfidh sin isteach ar dheiseanna maoinithe. Is í an straitéis atá againn ná baill fhoirne a spreagadh lena gcuid cáilíochtaí reatha a uasghrádú; na caidrimh idirnáisiúnta sin a shaothrú atá i dtús fáis is atá ag teacht chun cinn idir ITB agus Institiúidí eile Ardoideachais agus le bheith ag comhoibriú go dlúth leis an LINC chun ár gcuid limistéar saineolais agus taighde i réimsí spéise a ailíniú le raon eagraíochtaí príobháideacha agus poiblí. Ina theannta sin aithnímid freisin an poitéinseal a bhaineann le dearadh agus tairiscint dámhachtainí páirtaimseartha Leibhéal 9 a sheachadtar i modh foghlama cumaisc. Dhéanfadh sin ár gcuid nasc tionscail agus gnó a ghiaráil tuilleadh agus le cuidiú Dé spreagfadh a leithéid deiseanna breise taighde leantaigh. Le buntacú leis na cuspóirí seo bímid rannpháirteach go gníomhach i bhfóram Taighde ITB agus déantar ionadaíocht ar ár son i nGrúpa Forbartha Taighde agus Nuálaíochta (FTN) ITÉ.

## LINC

Osclaíodh ionad LINC go hoifigiúil i Mí na Samhna 2010 ag an Aire Airgeadais Brian Lenihan TD, nach maireann. Mar chuid den seoladh reáchtáil an LINC comórtas iontach rafar do chomhlachtaí nuathionscanta, JumpStart 2010, atá ina chomórtas bliantúil anois. Rinneadh urraíocht ar an gcomórtas seo ag AIB Teo, ag Bord Fiontraíochta Contae Fhine Gall agus ag Fiontraíocht Éireann. Bhí an bua ag InnovationZed le gléas uainithe pinn insline darb ainm Insulcheck. An duais a bhí i gceist ná spás oifige sa LINC ar feadh bliana iomláine agus gach costas clúdaithe, agus teacht ar thacaí an LINC.

I 2010, bronnadh duais chiste thráchtálaithe ó Fhiontraíocht Éireann ar an nGrúpa Taighde um Chórais Iompair Chliste. Lean siad orthu freisin de bheith ag comhoibriú go rafar leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta i dtaca le forbairt aimsithe agus measúnaithe uathoibríoch comharthaíochta bóthair. Bronnadh Comhpháirtíocht Nuálaíochta ar an nGrúpa Taighde Maighnéadaice agus Inneall le Wavebob Teo, duine de phríomhfhorbróirí an domhain i réimse na teicneolaíochta tiontaithe fuinnimh tonnta. Lean an Grúpa taighde Fóiréinsice agus Slándála Gréasáin air de bheith ag obair le ceannairí tionscail leithéidí RITS agus Espion.

Cheadaigh clár Dearbháin Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann ar chumas na hInstitiúide caidrimh láidre a fhorbairt le Comhlachtaí beaga agus le tacú le gníomhaíochtaí taighde sna comhlachtaí seo freisin. Ó cuireadh tús léi bhí baint ag baill fhoirne agus mic léinn ag ITB le níos mó ná 45 comhlachtaí beaga, ag obair in éineacht leo agus iad ag déanamh taighde ar, ag forbairt agus ag dearadh táirgí nua.

Forbraíodh Ciste Nuálaíochta AIB arís mar chiste síolchaipitil le feabhas a chur ar chumas taighde na hInstitiúide. Arís bronnadh maoiniú ar dheich dtionscadal de thairbhe na gairme iomaíche seo.

I 2010/11 d'oibrigh an Institiúid trí mheán an LINC in éineacht le comhlachtaí leithéidí Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Intel le tacú le forbairt scileanna dá gcuid fostaithe trí mheán clár creidiúnaithe. Bhí ITB iontach gníomhach ar fud an réigiúin freisin i dtaca le bheith ag obair le cláir ghníomhachtaithe mhargaidh shaothair agus le breisoiliúint agus le hathoiliúint na ndaoine dífhostaithe sa réigiún.

Méadaíodh an spás goir a bhí ar fáil go 507 méadar cearnach agus tacaítear leis seo le seomraí cruinnithe, seomraí oiliúna agus le spás líonraithe. Le linn na tréimhse seo tuairiscithe bhain leibhéal áitithe an spáis ghoir uasleibhéal de 80% amach.

Cuireann láithreacht spáis ghoir ar an gcampas ar chumas ITB a mhisean a bhaint amach de bheith ag cur le rachmas an réigiúin trí sheach-chuideachtaí a chruthú agus trí chothú gníomhaíochta fiontraíochta sa réigiún, agus comhlánaítear é ag gníomhaíochtaí T&F na hInstitiúide agus ag na struchtúir tacaíochta forbartha gnó atá i bhfeidhm cheana féin. Is clár tacaíochta fiontair nuálaíoch é an príomhchlár tacaíochta fiontair, an Clár Oibre Fiontair (COF), a sheachadtar ag LINC ITB a dhíríonn ar chéimithe a bhfuil taithí thráchtála acu ar mian leo tús a chur le gnólachtaí ardacmhainne dlútheolais. I 2010 thacaigh an LINC le breis is 30 gnólacht nuathionscanta trí mheán an chláir seo agus trí mheán meantóireachta agus clinicí buail isteach a tionóladh ag an LINC.

Fuair breis is 50 comhlacht cabhair trí mheán an LINC via an COF, freastal ar cheardlanna agus ar chlinicí. Chlúdaigh na ceardlanna seo réimsí ar nós AD do ghnólachtaí nuathionscanta, cosaint PI, Úsáid na Meán Cumarsáide Digiteach, Twitter do do Ghnó. D'fhreastail comhlachtaí ar chlinicí airgeadais, ar chlinicí PI agus ar chlinicí margaíochta. I 2010/2011 fuair beirt de na comhlachtaí sa LINC maoiniú infheistíochta leis an ngnó a chur chun tosaigh agus d'éirigh

le comhlacht amháin an babhta ceannais réigiúnach a bhaint amach do Chomórtas Intertrade Seedcorn. Tá na comhlachtaí ag an LINC ag obair le Scoileanna freisin do shocrúcháin agus d'intéirneachtaí mic léinn agus fostaíonn siad céimithe ón Institiúid freisin.

Bíonn an LINC ag comhoibriú go dlúth leis na Scoileanna i bhforbairt chultúir an fhiontair in ITB trí mheán tionscnamh leithéidí intéirneachtaí mic léinn, comórtais ghnó agus comórtais tionscadail a bhronnann duais ar an tionscadal is mó acmhainn tráchtála trí mheán scoláireachtaí. D'oibrigh an LINC agus an Rannóg Innealtóireachta trí thionscadal SIF ACE atá maoinithe ag ÚAO le cláir nua chreidiúnaithe fhiontair a fhorbairt leithéidí an B.Sc. i bhFiontraíocht na Teicneolaíochta (L8) agus an M.Sc. i bhFiontraíocht na Teicneolaíochta (L9). Trí mheán an tionscadail seo thug an LINC Intéirneacht Fhiontair na Mac Léinn isteach freisin, le tacú le mic léinn le bheith ina bhfiontraithe. Urraíodh intéirneacht na mac léinn don fhiontraíocht i 2010 ag Lárionad Siopadóireachta Bhaile Bhlainséir agus ag Comhar Creidmheasa Bhaile Bhlainséir.

# PRÓIFÍL NA MAC LÉINN AGUS NA FOIRNE

## Próifíl na Mac Léinn

Cuirtear forbhreathnú gairid de na príomhstaitisticí a bhaineann leis na mic léinn thíos.

### *Líon Iomlán na Mac Léinn do 2010 - 2011*

D'fhás líon na mac léinn ag an Institiúid go suntasach le cúig bliana anuas, ag méadú ó 1,090 mac léinn lánaimseartha i 2005 chuig an líon reatha de 1,921. D'fhás líon na mac léinn páirtaimseartha ó 888 i 2005 go 1,172 freisin, rud a fhágann figiúr iomlán coibhéise lánaimseartha de 2,695.




### *Iontrálaithe Nua do 2010-2011*

Bhí 770 iontrálaí nua ann (fochéimí lánaimseartha) don bhliain acadúil 2010/2011. Tagann mórchuid de mhic léinn an chéad bhliain ón gceantar máguaird, agus 68% de na mic léinn lánaimseartha ag teacht ó Bhaile Átha Cliath. Ó bhí 2008 ann, d'earcaigh ITB níos mó den lucht fágála scoile ó Bhaile Átha Cliath 15 ná aon institiúid tríú leibhéal eile (Scoileanna Friothálacha an Irish Times). Tugtar anailís de na hiontrálaithe nua de réir disciplíne thíos.



## Iarchéimithe do 2010-2011

Ag leibhéal na hiarchéime, san iomlán bhí 47 mac léinn ann, a raibh 66% acu i mbun máistreachta múinte leibhéal 9, bhí 28% i mbun máistreachta taighde leibhéal 9, agus bhí 6% ag tabhairt faoi dhochtúireacht.




## Fochéimithe do 2010-2011

As daonra na bhfochéimithe de 2,398, bhí 14% i mbun cúrsaí leibhéil 6, agus bhí 44% i mbun cúrsaí leibhéal 7. Bhí 36% i mbun cúrsaí leibhéal 8.




Bhí 24% de dhaonra iomlán na mac léinn ag déanamh clár foghlama solúbtha, .i. cúrsaí páirtaimseartha, cianfhoghlama, E-fhoghlama agus cúrsaí inseirbhíse. Bhí 6 mac léinn idirnáisiúnta ann.

## *Dámhachtainí Tugtha*

San iomlán bronnadh céim ar 456 mac léinn ar 5 Samhain 2010 i searmanas bronnta a tionóladh i mBloc C.

| Dámhachtain | Líon na Mac Léinn | | Iomlán | % (den iomlán) |
|---|---|---|---|---|
| | Lánaimseartha | Páirtaimseartha | | |
| An Scoil Ghnó | 114 | 69 | 183 | 40 |
| An Scoil Daonnachtaí | 84 | 25 | 109 | 24 |
| An Scoil Innealtóireachta | 32 | 8 | 40 | 9 |
| An Scoil Fhaisnéisíochta | 96 | 28 | 124 | 27 |
| Iomlán | 326 | 130 | 456 | |

## Próifíl na Foirne

San iomlán fostaíodh 210 ball foirne ag an Institiúid le linn tréimhse na tuarascála bliantúla seo, le cóimheas 60:40 idir an fhoireann acadúil agus an fhoireann tacaíochta. Tugtar próifíl aoise na mball foirne thíos.




De bhun na gcritéar ÚAO go bhfuil cáilíocht leibhéal 10 nó a choibhéis ag 45% den fhoireann acadúil lánaimseartha Ardoideachais agus go bhfuil cáilíocht leibhéal 9 ar a laghad ag 90% den fhoireann acadúil lánaimseartha Ardoideachais, tá cáilíocht leibhéal 10 ag 25% d'fhoireann acadúil lánaimseartha ITB agus tá cáilíocht leibhéal 9 nó níos airde ag 95% den fhoireann acadúil lánaimseartha.



# SCOTH NA mBUAICPHOINTÍ IS SUNTASAÍ

## *Duaiseanna Spóirt*

Le linn na bliana acadúla 2010/2011 bhain ár gcuid peileadóirí CLG agus ár gcuid dornálaithe duaiseanna náisiúnta, agus ós rud é gur shroich na foirne cispheile agus sacair babhtaí ceannais freisin, tá gealladh faoin todhchaí i réimsí an spóirt amach anseo ag ITB.

Bhuaigh foireann shinsearach CLG na bhFear níos mó trófaí do chaibinéad taispeántais na hInstitiúide nuair a bhuaigh siad faoi thrí i mbliana, ós rud é gur bhuaigh siad an Léig, an Chraobh agus Craobh Laighean. Bhí bua soiléir acu ar Mater Dei i mBabhta Ceannais Chorn Cormac Mc Annallen a tionóladh ar 5 Márta in COBÁC. Ócáid fhíor-stairiúil a bhí ann mar tionóladh an babhta ceannais mar chuid den cheiliúradh le comóradh a dhéanamh ar Bhliain Chomórtha Chorn Sigerson agus sholáthair an t-óstach, COBÁC, ionad den scoth do bhabhta ceannais craoibhe Ardoideachais an CLG. Thug Uachtarán CLG, Christy Cooney, an trófaí do chaptaen ITB, Fearghal Delaney. Bhain siad babhta ceannais na léige in aghaidh ITBÁC agus tá siad anois curtha ar aghaidh go Roinn 2. Tá an fhoireann á bainistiú anois ag iarmhórpheileadóir na Mí, Graham Geraghty.

Chuir foireann Sacair na mBan leis na trófaí sa Chaibinéad Taispeántais nuair a bhuaigh siad Léig Laighean. Bhain foireann Chispheile na bhFear babhta ceannais an Chomórtais Idir-Ollscoile in COBÁC agus bhain dhá fhoireann Sacair na bhFear a mbabhta ceannais léige amach.

Bhuaigh David McCabe bonn óir i gComórtas Idir-Ollscoile na Dornálaíochta.

Toghadh Mark Ferguson do Chlub Liathróide Láimhe Oilimpeach na hÉireann F23.

Roghnaíodh Niamh Reid Burke d'Fhoireann Shacair Shinsearach na hÉireann.

Roghnaíodh Vicky Browne agus Louise Shanley d'Fhoireann Sacair Laighean.

Bhainistigh Dave Heffernan foireann Cosdornála na hÉireann sa Spáinn.

Roghnaíodh Andrew Collier d'fhoireann Shinty na hÉireann.

## *Comórtas HackEire*

Rinne foireann ITB – Mark Cummins (Léachtóir), Mark Lane (Céimí M.Sc.) agus Brendan Lawless (mac léinn 4ú bliain) rinne siad éacht ar son an choláiste ag comórtas HackEire a tionóladh le déanaí, nuair a fuair siad an cúigiú háit i measc 10 bhfoireann ghairmiúla bradaíola. Maidir leis na foirne a fuair an dara agus an ceathrú háit, bhí céimí amháin an fhoireann acu ó ITB; tá an bheirt acu ag obair le grúpa slándála IBM anois.

Is é HackEire príomhDhúshlán Cibearshlándála na hÉireann agus is cuid de Chomhdháil bhliantúil IRISSCERT faoin gCibearchoireacht é, ar cuspóir léi príomhshaineolaithe cibearshlándála na hÉireann a aithint. Le linn HackEire bíonn foirne ag dul san iomaíocht in aghaidh a chéile i dtimpeallacht rialaithe le fáil amach cé acu an chéad duine le leas a bhaint as laigí i roinnt córas agus a mbua a fhógairt. Is é cuspóir chomórtas HackEire ná an tslí arbh fhéidir le bradaithe teacht a bheith acu ar do chuid córas a léiriú agus cur ar do chumas foghlaim ón imeacht conas cosc a chur ar a leithéid d'ionsaithe dul i bhfeidhm ar do ghréasán.

D'fhreastail 150 duine ar chomhdháil IRISS, ina measc gairmithe na slándála in Éirinn agus bhí seastáin ag na hurraithe go léir (leithéidí Amazon) agus iad uile ag iarraidh céimithe a earcú. Déantar an comórtas HackEire a reáchtáil go comhthreormhar leis an gcomhdháil sa tslí gur féidir leis an lucht freastail breathnú ar na bradaithe go beo le linn sos caife na comhdhála.

## *Cumann ITB LGBT Chun Tosaigh!*

Bhí an Cumann Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinscneach (LGBT) breá sásta leis an mbua a fuair siad ag Duaiseanna BCCÉ (Bord Chumainn na gColáistí Éireannacha) sa chatagóir don Chumann nua is Fearr. Bronnadh an duais ar 9 Bealtaine 2011, agus seo an chéad uair a bhuaigh an Coláiste duais ó bunaíodh Duaiseanna BCCÉ i 1995.

Bunaíodh an Cumann LGBT agus é mar aidhm aige deis a thabhairt do mhic léinn leispiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha agus a gcuid cairde in ITB bualadh le chéile agus bheith ag freastal ar ócáidí sóisialta le chéile. Ba é an cuspóir eile ná feasacht a spreagadh agus dul i ngleic le braistintí diúltacha den Phobal LGBT laistigh den choláiste.
Dúirt Ciara Meldon, Uachtarán an Chumainn LGBT, ITB, maidir lena mbua, 'Tá Cumann LGBT ITB breá sásta 'Cumann Nua is Fearr' a bheith buaite acu ag duaiseanna BCCÉ. Éacht ollmhór atá ann agus mar shochaí táimid ag súil go mór lena bhfuil i ndán dúinn amach anseo.'

## *Duais ag Bloom*

Bhí gairdín taispeántais ITB 'An Gairdín a d'Eascair as na Fothracha' ar cheann de 27 ngairdín taispeántais a bhí le feiceáil ag Bloom in the Park 2011. Bronnadh bonn cré-umhaí ar an ngairdín! Seo an chéad uair a fuair Rannóg Ghairneoireachta ITB a leithéid.

## *Duais Bhlagála*

Bronnadh Duais Eorpach ar an Dr Mary Ann Kenny do thionscadal dar teideal 'Ag Úsáid blag Idirlín Mheáin Chumarsáide le rang Gearmáinise na Chéad Bhliana'. Tugadh aitheantas do thionscadal Mary Ann as a chuid nuálaíochta agus as a chuid éifeachtúlachta. Aithníonn Lipéad na dTeangacha Eorpacha bealaí cruthaitheacha agus airgtheacha le feabhas a chur ar chaighdeán teagasc agus fhoghlaim na dteangacha.

## *Naisc Áitiúla*

I mbliana rinne an tOifigeach Forbartha Spóirt agus mic léinn ó chúrsa bainistíochta agus cóitseála spóirt ITB meantóireacht ar ghrúpa siúil le Lárionad Pobail Bhaile an Huntaigh. Eagraíodh siúlóidí dhá uair in aghaidh na seachtaine agus bhí cuid mhór de na rannpháirtigh ag traenáil le haghaidh mionmharatón na mBan.

## *Naisc Straitéiseacha*

De réir Straitéis an Rialtais, tá naisc straitéiseacha bunaithe ag ITB le roinnt comhpháirtithe idirnáisiúnta san India, sa tSín, sna SAM agus i gCeanada, lena n-áirítear nasc le Institute of Technology and Management, Deilí. (www.itmindia.edu)

Bunaithe i 1996, ba é ITM an chéad choláiste féinriartha a ndearnadh ollscoil ildhisciplíneach de ag Rialtas Haryana, agus bíonn sé ar liosta na ndeich n-ollscoil is fearr go seasmhach ar bhonn bliantúil agus tá clú agus cáil air as a chuid ceannasaíochta i Staidéar na hInnealtóireachta.

(http://itmindia.edu/index.php?option=com_content&view=article&id=13&Itemid=28)

Tá cuairteanna foirne malartaithe ag baill fhoirne ITB agus ITM cheana féin agus i Mí Mheán Fómhair 2011 beidh roinnt mac léinn innealtóireachta ó ITM ag taisteal go hÉirinn le seimeastar staidéir a chur i gcrích i Rannóg Innealtóireachta ITB.

# Scoth na bhFoilseachán Foirne

## *Tráchtais PhD Theses a bronnadh ar bhaill fhoirne*

**McNutt, L.** (2010) *Tension, Frustration and Compromise in the Field: an exploratory study of the habitus of educational technologists.* Tráchtas PhD neamhfhoilsithe. Ollscoil na hÉireann, Má Nuad. Ar fáil ag http://eprints.nuim.ie/.

## *Caibidlí Leabhair*

**McNutt, L.** (2010) Educational Technology, Innovation and Habitus: What is the connection? In Donnelly, R., Harvey, J. agus O'Rourke, K. (Eds.), *Critical Design and Effective Tools for E-Learning in Higher Education: Theory into Practice* Hershey, PA: Information Science Reference, lgh. 72-91.

**McNutt L.** & Murphy D. (2011). Sharing innovative practice/managing diversity. In Fitzpatrick, N. & Harvey, J. (Eds.), *Designing Together:effective strategices for creating a collaborative curriculum to support academic development.* Foilsithe ar son Grúpa Oibre Forbartha Gairmiúla atá creidiúnaithe ag LIN. lgh. 76-81. Ar fáil ó http://arrow.dit.ie/

**Nolan, B.** (2011) Meaning Construction and Grammatical Inflection in the Layered Structure of the Irish Word: an RRG Account of Morphological Constructions. In Nakamura, W. (eag.). *New perspectives in Role and Reference Grammar.* Londain: Cambridge Scholars Publishing lgh.64-103

**Nolan, B.** & Yasser S. (2011) UniArab: RRG Arabic-to-English Machine Translation. In Nakamura, W. (eag.). *New perspectives in Role and Reference Grammar.* Londain: Cambridge Scholars Publishing. lgh.312-346

## *Foilseacháin Irise Measúnaithe Piarmheasúnaithe*

Brennan, L & **Owende, P.** (2010) Biofuels from Microalgae - A Review of Technologies for Production, Processing and Extractions of Biofuels and Co-products. *Renewable & Sustainable Energy Reviews* 14(2), 557-577.

Poschl, M, Ward, S & **Owende, P.** (2010) Evaluation of energy efficiency of various biogas production and utilization pathways. *Applied Energy* 87, 3305-3321.

Poeschl, M, Ward, SM & **Owende, P.** (2010) Prospects for expanded utilization of biogas in Germany. *Renewable & Sustainable Energy Reviews* 14(7), 1782-1797.

## *Foilseacháin eile (Irisí neamh-mheasúnaithe piarmheasúnaithe)*

Troy, L., Smith, M., & Gallery, R. (2010) Logánú cluiche fóin phóca, *The ITB Journal* (Eagrán 19).

## *Imeachtaí Comhdhála*

**McNutt L.** (2010) 'Examining the Field of Educational Technology: A Bourdieuian Perspective.' *In Proceedings of World Conference on Educational Multimedia, Hypermedia and Telecommunications,* Chesapeake, VA: AACE lgh. 1374-1383.

**Nolan B.** (2010) 'The GET construction of Modern Irish and Hiberno-English: Passive and recipient variations.' Paper presented at: *Construction Grammar: New perspectives for the study of German and English International Conference* ag Ollscoil Christian-Albrecht, Kiel, an Ghearmáin.

**Nolan, B.** (2010) 'The layered structure of the word in Modern Irish.' In: Nakamura, W. (eag.): Imeachtaí an 10ú Comhdháil Idirnáisiúnta RRG (RRG 2009), 52-79. Inrochtana ag: http://wings.buffalo.edu/linguistics//people/faculty/vanvalin/rrg/ProceedingsofRRG2009 02.pdf

**Nolan, B.** (2010) 'The layered structure of the Modern Irish word: An RRG account of derivational and inflectional morphology.' Páipéar a tugadh ag collóiciam ag Ollscoil Heinrich Heine, Düsseldorf, an Ghearmáin.

**Nolan B.** (2010) 'Constructional polysemy and argument realisation with the Irish GET verb.' *Workshop on Variation and Change in Argument Realization,*' Ollscoil Napoli in Capri agus Napoli, an Iodáil.

**Nolan, B.** (2011) 'Characterising the effects of the referential hierarchy on Modern Irish ditransitive constructions.' Páipéar a tugadh ag an gceardlann idirnáisiúnta faoi ordlathais thagracha i ndulanna cainte triúr rannpháirtithe ag Ollscoil Lancaster, Sasana.

**<u>Nolan. B.</u>** (2011) 'Constructions as grammatical objects: A new perspective on constructions in RRG.' Páipéar a cuireadh faoi bhráid na comhdhála idirnáisiúnta faoi Ghramadach Róil agus Tagartha ar "Functional Linguistics: Grammar, Communication & Cognition". Facultad de Letras, ag Pontificia Universidad Católica de Chile, in Santiago de Chile.

**<u>Nolan. B</u>.** (2011) 'Constructional templates at the morphology-lexicon interface- meaning and the layered structure of the Irish word.' Páipéar a cuireadh faoi bhráid na ceardlainne faoi thógáil brí ag crosbhealach na gramadaí, na cognaíochta agus na cumarsáide. Societas Linguistica Europaea, Ollscoil La Rioja, Logroño, an Spáinn.

# RÁITIS AIRGEADAIS
# DON BHLIAIN DAR DEIREADH
# 31 LÚNASA 2011

**Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas and Ciste**

Office of the Comptroller and Auditor General

Caisléan Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2

Teileafón: (01) 6031000 Facs: (01) 6031010
R-phost: Postmaster@audgen.irlgov.ie

Presidents Office
Received by
Rec'd on 16 DEC 2012
Referred to
File No.

Dr. Mary Meaney,
Uachtarán,
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile
Bhlainséir,
Bóthar Bhaile Bhlainséir Thuaidh,
BÁC 15

4 Nollaig 2012

**Re: Iniúchadh ar Chuntais Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2011**

A Uachtaráin, a chara,

Tá an t-iniúchadh den Institiúid don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2011 curtha i gcrích. Tá tuairim shoiléir eisithe ag an A-R.C.C. maidir leis na ráitis airgeadais.

Tá iniata leis seo cóip de na rudaí seo a leanas:

- teastas an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste
- Ráitis Airgeadais Bhliantúla na hInstitiúide don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2011.

Cuirfear aon tuairimí eile a eascraíonn as an iniúchadh in iúl ar leithligh.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl don chomhoibriú a tugadh do bhaill na foirne iniúchta ag bhur bhfoireann le linn an iniúchta

Le gach dea-ghuí,

**Maureen Mulligan**
**Leas-stiúrthóir an Iniúchta**

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR DEIREADH 31 LÚNASA 2011

Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na hInstitiúide | 24 |
| Ráiteas faoin Rialú Inmheánach | 25-26 |
| Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste | 27 |
| Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta | 28-30 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 31 |
| Clár Comhardaithe | 32 |
| Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim | 33 |
| Nótaí do na Ráitis Airgeadais | 34-41 |

RÁITEAS DE FHREAGRACHTAÍ NA hINSTITIÚIDE

Cuireann na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 iachall ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a ndéanfaí é a fhaomhadh ag an Údarás um Ard-oideachas agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú acu tá iachall ar an Institiúid:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar,
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn gnóthais leantaigh, ach amháin mura mbíonn an bonn sin cuí,

  Bíonn aon difríochtaí ábhartha ó na Caighdeáin Chuntasaíochta infheidhme le nochtadh agus le míniú.

Tá an Institiúid freagrach as coimeád leabhar cuí cuntais a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuireann ar a cumas cinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais leis na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as cumhdach a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a dhéanamh le cosc a chur ar chaimiléireacht agus ar mhírialtachtaí eile agus iad a aimsiú.

Sínithe ag:

Uachtarán: Mary Meaney

Cathaoirleach: [signature]

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach**

**don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2011**

## Freagracht don Ráiteas faoi Rialú Inmheánach

Aithníonn Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir a cuid freagrachta as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Is é atá sa chóras rialuithe inmheánacha ná na próisis sin a mbaintear úsáid astu le rioscaí suntasacha a aithint, a mheas agus a bhainistiú a mbíonn ar an Institiúid aghaidh a thabhairt orthu le linn bainistiú a cuid gnóthaí.

Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a sholáthar, go bhfuil na sócmhainní á gcumhdach, na h-idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh go cuí, agus go bhfuiltear cé acu cosc á gcur ar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha nó go ndéanfaí iad a aimsiú ar bhonn tráthúil.

## Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá bearta déanta ag an Institiúid le timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú, lena n-áirítear:

- Déantar gnáthaimh agus rialacháin airgeadais a dhoiciméadú agus a chur i bhfeidhm i láthair na huaire.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Bainistíochta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, a bhfuil mar chuid díobh feidhmíocht airgeadais le hais na mbuiséad.
- Treoirlinte rialaithe infheistithe chaipitil a shainmhínítear go soiléir.
- Bunú Fo-choiste Iniúchta le cairt iniúchta shainmhínithe agus le téarmaí soiléire tagartha a bhíonn ag plé le ceisteanna suntasacha rialaithe.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chuirtear i bhfeidhm in Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir bunaithe ar:

- Gnáthaimh mhionsonraithe riaracháin a ionchorpraíonn seiceáil inmheánach
- Leithscaradh na ndualgas
- Údaruithe sonracha
- Athbhreithniú bainistithe na dtuairiscí míosúla a shracrianaíonn torthaí iarbhíre agus buiséadaithe do phríomhchláir

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe ag an Institiúid, a fheidhmíonn de réir Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann. Tá aghaidh á tabhairt ar a chuid moltaí faoi láthair agus iad á gcur i gcrích ag an Institiúid. Ghlac an Bord Bainistíochta le Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann ar 18 Feabhra 2009.

Téann obair an Fho-Choiste Iniúchta, a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúchta Inmheánaigh, i bhfeidhm ar mhonatóireacht agus ar athbhreithniú an Bhoird Bhainistíochta ar éifeachtúlacht an chórais rialuithe airgeadais inmheánaigh, chomh maith le hobair an Stiúrthóra agus bhainisteoirí na hInstitiúide, atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais, agus ag na moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste ina litir bhainistithe agus i dtuarascálacha eile. Déanann Coiste Chur i bhFeidhm Iniúchta monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpríomh-mholtaí iniúchta laistigh den Institiúid agus tugann sé tuairisc faoina chuid oibre don Fho-choiste Iniúchta.

Tá an Institiúid i mbun gnáthaimh a fhorbairt le rioscaí a aithint agus le meastóireacht a dhéanamh ar a gcuid impleachtaí airgeadais.

## Athbhreithniú Bliantúil na Rialuithe

Deimhnímid gur cuireadh i bhfeidhm, don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2011, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais Rialuithe Airgeadais Inmheánaigh ag an mBord Bainistíochta ar 2 Nollaig 2011. Leanfaidh an Bord Bainistíochta air de bheith ag cur i bhfeidhm na gnáthaimh sin a theastaíonn le ráiteas iomlán a sholáthar faoi éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh faoi 31 Lúnasa 2012.

**Sínithe:**
**Cathaoirleach**

**Date:** 20/11/2012

**Sínithe:** :
**Uachtarán**

**Date**: 20/11/2012

## An Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

# Institiúid Teicneolaíochta, Baile Bhlainséir

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir don bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2011 faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach ann, cuimsíonn siad ráiteas na mbeartas cuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, an clár comhardaithe, an ráiteas sreabhadh airgid thirim agus na nótaí gaolmhara. Is í an chreatlach thuairisceoireachta airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn a n-ullmhúcháin ná dlí infheidhme agus cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn.

**Freagrachtaí na hInstitiúide**

Tá an Institiúid freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as cinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cothrom de staid ghnóthaí na hInstitiúide agus dá hioncam agus dá caiteachas, agus as cinntiú rialtacht na n-idirbheartuithe.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste**

Is í an fhreagracht atá agamsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt fúthu de réir an dlí infheidhme.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích ag déanamh tagartha do na sainbhreithnithe a bhaineann le comhlachais a fhaigheann maoiniú suntasach ón Stát maidir lena mbainistiú agus lena bhfeidhmiú.

Cuirtear m'iniúchadh i gcrích de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta faoi Iniúchadh (RA agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Eiticiúla Iniúchóirí Bhord na gCleachtas Iniúchta.

**Scóip iniúchta na ráiteas**

Tá i gceist le hiniúchadh fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus faoi na nochtuithe sna ráitis airgeadais, dóthaineach le ráthaíocht réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhí-ráiteas ábhartha, cé acu de dheasca caimiléireachta nó earráide. Cuimsíonn sin measúnú faoi na rudaí seo a leanas

- an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do thosca na hInstitiúide, agus ar cuireadh i bhfeidhm agus ar nochtaíodh iad go sásúil
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn ullmhúcháin na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Bím ag iarraidh freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

**Tuairim faoi na ráitis airgeadais**

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir an chleachtais chuntasaíochta a nglactar leis go ginearálta in Éirinn, tugann siad léargas fíor agus cothrom de staid ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2011 agus dá hioncam agus dá caiteachas don bhliain dar deireadh an dáta sin.

I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuntais chearta ag an Institiúid. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

**Nithe a dtugaim tuairisc fúthu go heisceachtúil**

Tugaim tuairisc go heisceachtúil más rud é

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- má thug m'iniúchadh aon ócáid ábhartha faoi deara nuair nár baineadh feidhm as airgead don chuspóir a bhí i gceist leis nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach comhlíonadh na hInstitiúide le Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má fhaighim amach go bhfuil ceisteanna ábhartha eile ag baint leis an tslí inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin.

Seamus McCarthy

Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste
30 Samhain 2012

## RÁITEAS NA mBEARTAS CUNTASAÍOCHTA

Seo a leanas na bearta cuntasaíochta suntasacha ar ghlac Institiúid Teicneolaíochta Baile Bhlainséir leo:

1. BONN ULLMHÚCHÁIN

Déantar na ráitis airgeadais a ullmhú de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil (seachas do shócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh ag luacháil) agus le riachtanais an Údaráis Ard-Oideachais.

Faoin Acht um Institiúidí Teicneolaíochta/ITBÁC 2006 a bhfuil feidhm leis ó bhí 1 Feabhra 2007 ann aistríodh feidhmeanna agus maoiniú áirithe a cleachtaíodh agus a soláthraíodh roimhe seo ag an Aire Oideachais agus Scileanna chuig an Údarás Ard-oideachais.

2. AITHEANTAS IONCAIM

Deontais Stáit:
Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás Ard-oideachais agus ó chomhlachais eile sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

Pléitear le deontais neamhathfhillteacha ón Údarás Ard-oideachais nó ó chomhlachais eile maidir le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh de réir an dímheasa thar shaol na sócmhainní.

Deontais chineachta:
Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach le freagracht a chineachadh chuig an Institiúid d’oibreacha samhraidh agus d’Oibreacha Caipitil eile. Nuair nár caitheadh airgead deontais, i dtaca leis an scéim seo, pléitear leo mar ioncam iarchurtha, a fhad is gur faomhadh na tionscadail dá bhfuil siad tiomanta ag an mBord Bainistíochta, agus go ndearnadh iad a shainmhíniú go hiomlán, go bhfuil siad amchéimnithe, agus meastacháin chostais in éineacht leo.

I ngach cás eile aithnítear maoiniú deontais cineachta sa tréimhse ina bhfaightear é.

Deontais agus Conarthaí Taighde:
Déantar ioncam ó Dheontais agus ó Chonarthaí Taighde a chomhoiriúnú leis an gcaiteachas agus cuirtear san áireamh é in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoi na ceannteidil 'Deontais agus Conarthaí Taighde'. Déantar lánsoláthar do chaillteanais intuartha.

Ioncam Táille:
Mínítear Ioncam Táille ar bhonn fabhruithe. Déantar gach ioncam táille a chur san áireamh anois faoin gceannteideal seo, Foghlaim ar Feadh an tSaoil agus Táillí Eile san áireamh.

Ioncam Úis:
Déantar gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha a chreidiúnú chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear é.

3. STOIC

Déantar caiteachas ar leabhair agus ar stoic intomhalta a ghearradh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Dearbhaítear sócmhainní seasta, seachas talamh, ag costas nó luacháil stairiúil lúide dímheas carntha. Dearbhaítear talamh ag costas nó luacháil stairiúil.

(a) COSTAS NÓ LUACHÁIL

Dearbhaítear sócmhainní seasta ar ann dóibh ar 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaithe) ag luacháil. Leagtar amach an bonn luachála a bhaineann le talamh agus foirgnimh ag nóta 14. Dearbhaítear breiseanna iartheachtacha ag costas.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh atá i mbun a dtógála ag costas bunaithe ar luach theastais an ailtire agus costais dhíreacha eile a thabhaítear go deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar iad a dhímheas go dtí go mbaintear úsáid astu.

(b) TREALAMH

Ó 1 Meán Fómhair 2008, déantar trealamh a bhfuil costas de níos lú ná €3,000 per mír aonair ag baint leis a dhíscríobh don chuntas ioncaim agus caiteachais i mbliain na fála. Nuair a bhíonn míreanna aonair a cheannaítear faoin teorainn chaipitlithe (€3,000) agus nuair a bhíonn an sonrasc iomlán ceannacháin ag sárú na teorann, déantar na míreanna seo a chaipitliú ar an ngnáthshlí.

(c) DÍMHEAS

Leanfar ar aghaidh de bheith ag plé le gach sócmhainn a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2008 agus a caipitlíodh mar shócmhainní seasta agus déanfar iad a dhímheas go deireadh a saolré ionchais.
Soláthraítear dímheas ar shócmhainní seasta, seachas talamh, de réir méid chothroim sa tslí nach ndéantar a gcuid costas nó luachálacha stairiúla a dhíscríobh thar a saolré ionchais measta, mar seo a leanas:

| | Blianta |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 |
| Fearais agus Feistis, trealamh Ríomh. na dtithe réamhdhéanta san áireamh | 10 |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 |
| Gléasra agus Innealra | 10 |
| Trealamh | 5 |
| Mótarfheithiclí | 5 |

Leanfar ar aghaidh de bheith ag dímheas trealaimh ríomhaireachta a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2008 ar bhonn beartais dímheasa shaoil ceithre bliana de réir méid chothroim. Déanfar trealamh ríomhaireachta a cheannaítear i ndiaidh an dáta sin a dhímheas ar bhonn saoil trí bliana de réir méid chothroim.
Déantar gach trealamh a mhaoinítear ó Dheontais agus ó Chonarthaí Taighde a dhímheas thar shaol na sócmhainne de réir an bheartais do gach Sócmhainn Sheasta eile.

Déantar Talamh agus Foirgnimh ar Léas a dhímheas thar shaol an léasa.

5. AIRGEADRAÍ EACHTRACHA

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a aistriú go Euro agus déantar iad a thaifeadadh ag na rátaí malartaithe a bhíonn i réim ag dátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid a ainmnítear in airgeadraí eachtracha a aistriú go Euro ag na rátaí malartaithe a bhíonn i réim ag dáta an chláir chomhardaithe.

6. PINSIN

Bronntar gach teidlíocht phinsin don fhoireann faoi scéim leasa shainmhínithe a leagadh síos faoin Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas), 1980, agus íoctar dualgais phinsin ag an Státchiste de réir mar a eascraíonn siad.

Feidhmítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoctar mar a Úsáidtear agus mar sin de, déantar asbhaintí aoisliúntais a thógtar ó fhostaithe a choimeád ag an Institiúid, mar chuid chomhaontaithe dá cuid maoinithe.

Ní bhíonn an Institiúid ag déanamh ranníocaíochtaí don scéim agus níl aon dualgais uirthi i dtaca le teidlíochtaí.

7. DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA

Is é atá i gceist le Deontais Chaipitil Iarchurtha ná luach neamhamúchta chistí carntha a leithdháiltear do shócmhainní seasta.

8. CÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIL

Is é atá i gceist leis an gCúlchiste Forbartha Caipitil ná cistí a chuirtear ar leataobh ag an Institiúid do chuspóirí sonraithe forbartha caipitil. Eascraíonn a leithéid de chistí ó Tháillí Cláraithe na Mac Léinn, ó dheonacháin chaipitil neamhStáit, táillí áise baincéireachta agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim, sa dara cás, a fuair réamhfhaomhadh ón Údarás Ard-oideachais, in éineacht le hús bainc a tuilleadh ar an airgead seo. Coimeádfar a leithéid de chistí sa Chuntas Cúlchiste Forbartha Caipitil, a fhad is go mbíonn na tionscadail shainmhínithe dá mbíonn siad tiomanta de réir Phlean Forbartha Caipitil na hInstitiúide, gur faomhadh iad ag an mBord Bainistíochta, go bhfuil siad amchéimnithe agus go bhfuil meastacháin chostais ag gabháil leo.

9. SÓCMHAINNÍ AR LÉAS
Déantar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin a ghearradh don chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Deireadh 31 Lúnasa 2011

| IONCAM | NÓTA | 2011 €000 | 2010 €000s |
|---|---|---|---|
| Deontas Stáit | 1 | 9,686 | 10,343 |
| Táillí Teagaisc | 2 | 4,322 | 3,818 |
| Táillí Cláraithe Mic Léinn | 3 | 2,824 | 2,395 |
| Amúchadh na nDeontas Caipitil Iarchurtha | 17 | 1,640 | 1,906 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 4 | 566 | 820 |
| Ioncam Eile | 6 | 1,749 | 1,648 |
| Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn a aithnítear | 5 | 119 | 134 |
| Ioncam Úis | | 1 | 1 |
| | | 20,907 | 21,065 |
| CAITEACHAS | | | |
| Rannóga Acadúla | 7 | 10,938 | 10,691 |
| Seirbhísí Acadúla | 8 | 1,135 | 1,185 |
| Costais Áise | 9 | 1,718 | 1,943 |
| Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha | 10 | 3,026 | 3,078 |
| Costais Ghinearálta Oideachais | 11 | 173 | 175 |
| Táille Cláraithe Mic Léinn | 3 | 791 | 687 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 4 | 566 | 820 |
| Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn feidhmithe | 5 | I 19 | 134 |
| Dímheas | 14 | 1,640 | 1,906 |
| | | 20,106 | 20,619 |
| FARASBARR OIBRIÚCHÁIN / (EASNAMH) | | 801 | 446 |
| AISTRIÚ GO CÚLCHISTE TEORANTA | | (139) | (12 I) |
| DÍSCRÍOBH ATHFHILLTEACH DEONTAIS STÁIT | | 0 | (856) |
| FARASBARR CARNTHA AG 1 MEÁN FÓMHAIR | | 3,156 | 3,687 |
| FARASBARR CARNTHA AG 31 LÚNASA | | 3,818 | 3,156 |

Ní raibh aon ghnóthachain ná aon chaillteanais ag an Institiúid sa bhliain airgeadais nó sa bhliain roimhe seo seachas na cinn sin a bpléitear leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim agus na Nótaí 1 go 24.

Sínithe ar son an Bhoird Bhainistithe:

Uachtarán

Cathaoirleach



Clár Comhardaithe ag 31 Lúnasa 2011

| | NÓTA | 2011<br>€000 | 2010<br>€000 |
|---|---|---|---|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 14 | 57,964 | 59,313 |
| | | 57,964 | 59,313 |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 15 | 368 | 499 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 7,410 | 6,072 |
| | | 7,778 | 6,571 |
| DLITEANAIS REATHA | | | |
| Creidiúnaithe agus Costais Fhabhraithe – Suimeanna atá le bheith dlite laistigh de bhliain amháin | 16 | 3,081 | 2,675 |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA | | 4,697 | 3,896 |
| GLANSÓCMHAINNÍ | | 62,661 | 63,209 |
| Mar a bhfuil i gCeist: | | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 17 | 57,964 | 59,313 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | 3,818 | 3,156 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitil | 20 | 8 79 | 7 40 |
| | | 62,661 | 63,209 |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim agus na Nótaí 1 go 24.

Sínithe ar son an Bhoird Bhainistithe:

Uachtarán

Cathaoirleach

**Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim don Bhliain dar deireadh 31 Lúnasa 2011**

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Imréiteach an fharasbairr oibriúcháin leis an nglanin-sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | |
| Farasbarr Oibriúcháin | 801 | 446 |
| Díscríobh athfhillteach an Deontais Stáit | 0 | (856) |
| Ioncam Úis | (1) | (1) |
| Dímheas | 1,640 | 1,906 |
| Amúchadh de réir an dímheasa shócmhainne | (1,640) | (906) |
| Laghdú/(Méadú) Féichiúnaithe | 131 | 1,218 |
| Méadú/(Laghdú) Creidiúnaithe | 406 | (966) |
| Glaninsreabhadh/(As-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 1,337 | (159) |

**Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim**

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Glaninsreabhadh Airgid Thirim (As-sreabhadh) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 1,337 | (159) |
| Ús faighte | 1 | 1 |
| Caiteachas Caipitil | | |
| Íocaíochtaí le Sócmhainní Seasta a fháil | (291) | (1,445) |
| Fáltais ó Chur de Láimh Shócmhainní Seasta | | |
| *As-sreabhadh Glan Airgid Thirim do chaiteachas caipitil* | (291) | (1,445) |
| Maoiniú | | |
| Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | 103 | 215 |
| Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta | 155 | 652 |
| Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta | 33 | 578 |
| *Insreabhadh Glan Airgid Thirim ó Mhaoiniú* | 291 | 1,445 |
| Méadú/(Laghdú) Airgid Thirim | | |

Imréiteach ghlansreabhadh airgid thirim le haistriú i nglanchistí

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| Méadú/(laghdú) airgid thirim | 1 ,338 | (158) |
| Glanchistí Oscailte | 6,072 | 6,230 |
| Glanchistí ag 31 Lúnasa 2011 | 7,410 | 6,072 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Beartas Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid Thirim agus na Nótaí 1 go 24.

Sínithe ar son an Bhoird Bhainistithe:

Uachtarán

Cathaoirleach

## 1. DEONTAIS STÁIT

| | Leithdháilte do Chaiteachas Athfhillteach €ooo | Leithdháilte do Chaiteachas Caipitil €ooo | Iomlán 2011 €ooo | Iomlán 2010 €ooo |
|---|---|---|---|---|
| Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach – An tÚdarás um Ard-Oideachas | 9,126 | 155 | 9,281 | 10,866 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Athfhillteach – An Roinn Oideachais agus Scileanna | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Athfhillteach – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil – An Roinn Oideachais agus Scileanna | 0 | 103 | 103 | 215 |
| Deontas Stáit do Mhionoibreacha Caipitil – An Roinn Oideachais agus Scileanna | 560 | 0 | 560 | 129 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil – Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil – An tÚdarás um Ard-Oideachas | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil – Fiontraíocht Éireann | 0 | 20 | 20 | 578 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil – An Chomhairle Oidhreachta | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Deontas Stáit do Chaiteachas Caipitil - Eile | 0 | 13 | l3 | 0 |
| Iomlán- 2011 | 9,686 | 291 | 9,977 | 11,788 |
| Iomlán -2010 | 10 343 | 1.445 | 11,788 | |

Fóirdheontar costas iomlán cúrsaí áirithe Ard-teastais agus Gnáthchéime ag Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) ag an leibhéal náisiúnta. Maoinítear Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach ón gcabhair AE seo go pointe. Le feidhm ó 1 Feabhra 2007, aistríodh an fhreagracht do mhaoiniú caiteachais athfhilltigh neamhaltranais chuig an Údarás um Ard-Oideachas ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

## 2. TÁILLÍ TEAGAISC

| | 2011 Uimh. Mic Léinn (CLA) | 2011 €000 | 2010 Uimh. Mic Léinn. (CLA) | 2010 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Táillí íoctha ag an Stát | 1590 | 2,942 | 1353 | 2487 |
| Táillí neamhAE | 6 | 46 | 3 | 12 |
| Táillí íoctha ag mic léinn nó ar son na mac léinn | 306 | 400 | 216 | 396 |
| Táillí Foghlama ar feadh an tSaoil agus Táillí eile | 458 | 934 | 340 | 923 |
| | 2,360 | 4,322 | 1,912 | 3,818 |

D'íoc an Roinn Oideachais agus Scileanna táillí teagaisc le linn na bliana de €1,775,888 do chúrsaí céime lánaimseartha agus €1,166,580 do chúrsaí Ard-Teastais agus do chúrsaí gnáthchéime, a maoinítear cuid de na costais iomlána ag an CSE.

Dearbhaítear líon na mac léinn mar choibhéis lánaimseartha, bunaithe ar chreidmheasa cláraithe.-

## 3. Táillí Cláraithe Mic Léinn

(a) Tá Táillí Cláraithe Bliantúla iníoctha ag mic léinn; is é an táille lánaimseartha don bhliain acadúil 2010/2011 ná €1,500. Faoi threoir na Roinne Oideachais agus Scileanna, coimeádtar €995 de gach táille lánaimseartha ag an Institiúid agus baintear úsáid as sin le freastal a dhéanamh ar chaiteachas athfhillteach. Suim iomlán de €1,893,346 a bhí i gceist leis sin sa bhliain chuntais. Baineadh úsáid as an iarmhéid de €791,000 le háiseanna agus seirbhísí a sholáthar do mhic léinn, lena n-áirítear soláthar Oifige Dámhachtainí Acadúla. Tabhaíodh caiteachas de €780,039 i 2010/11. Aistríodh an iarmhéid de €139,000 chuig an gCúlchiste Forbartha Caipitil..

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| (b) Cur i bhFeidhm na dTáillí Cláraithe | | |
| Olltáillí Cláraithe, táillí athscrúduithe san áireamh | 2,824 | 2,395 |
| Lúide Táillí a tabhaíodh maidir le soláthar na Seirbhísí Dámhachtainí | (780) | (675) |
| Glanioncam | 2,044 | 1,720 |
| Lúide Aistrithe maidir le: | | |
| Cúlchiste Forbartha Caipitil | 139 | 121 |
| Árachas Mic Léinn | 11 | 12 |
| Coimeádta do Chaiteachas Athfhillteach | 1,894 | 1,587 |

**4 . DEONTAIS AGUS CONARTHAÍ TAIGHDE**

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| **Ioncam** | €'000s | €'000s |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 566 | 820 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Fhoirne | 434 | 539 |
| | | |
| **Costais Neamhphá** | | |
| Costais Comhairleachta | 5 | 20 |
| Liúntas Taistil agus Cothaithe | 6 | I 8 |
| Ceannacháin agus cothabháil Trealaimh (Neamhchaipitlithe) | 22 | 37 |
| Costais eile | 99 | 206 |
| | 566 | 820 |
| **Glantoradh** | 0 | 0 |

Tá san áireamh san Ioncam Deontais agus Conartha Thaighde suim de €6,321 i dtaca le gnóthú forchostais. Tá i gceist leis an iarmhéid costais dhíreacha a gnóthaíodh d'obair thaighde ar tugadh fúithi faoi na ceannteidil Chaiteachais a sracrianaíodh thuas.

5 . **MAOINIÚ TACAÍOCHTA MIC LÉINN**

| | **Míchumais** | **Mac Léinn Cabhair** | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Meán Fómhair 2010 | 131 | 1 | 132 | 139 |
| Fáltais | | | | |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | 0 | 0 | 0 | 0 |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas | 30 | 55 | 85 | 127 |
| Suimeanna a cuireadh i bhfeidhm | (63) | (55) | (119) | (134) |
| Iarmhéid ag 31 Lúnasa 2011 | 98 | 1 | 99 | 132 |

Soláthraítear maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus maoinítear cuid de ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

## 6. IONCAM EILE

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Asbhaintí Aoisliúntais a Coimeádadh | 856 | 879 |
| Cíos na nÁiseanna | 52 | 48 |
| Costais Pá a forchúitíodh maidir le Foireann ar Iasacht | 129 | 113 |
| Seirbhísí Fótachóipeála | 39 | 35 |
| Fáltais ó Dhíolachán Ábhair Ranga | 6 | 3 |
| Ioncam éagsúil (Tionscadail agus Líne) | 667 | 570 |
| | 1,749 | 1,648 |

## 7. RANNÓGA ACADÚLA

| | 2011 Iomlán €000 | 2010 Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **Foireann:** | | |
| Teagasc | 9, 272 | 8,924 |
| Teicniúil | 279 | 338 |
| Riarachán agus Tacaíocht | 622 | 703 |
| **Costais Neamhphá:** | | |
| Ábhair agus Rudaí Intomhalta Eile | 275 | 462 |
| Táillí Eile | 490 | 264 |
| **IOMLÁN** | **10,938** | **10,691** |

## 8. SEIRBHÍSÍ ACADÚLA

| | 2011 Iomlán €000 | 2010 Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **Foireann:** | | |
| Seirbhísí Leabharlainne & Ríomhaireachta | 837 | 842 |
| **Costais Neamhphá:** | | |
| Ábhar Clóbhuailte, leabhair agus tréimhseacháin | 13 | 47 |
| Costais Eile | 285 | 296 |
| **IOMLÁN** | 1,135 | 1,185 |

## 9. COSTAIS ÁISEANNA

| | 2011 Iomlán €000 | 2010 Iomlán €000 |
|---|---|---|
| Foireann: | | |
| Feighlithe, Glantachán, Cothabháil | 414 | 489 |
| Costais Neamhphá: | | |
| Solas, Teas agus Cumhacht | 408 | 345 |
| Costais Eile | 896 | 1,109 |
| IOMLÁN | 1,718 | 1,943 |

## 10. RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ LÁRNACHA

| | 2011 Iomlán €000 | 2010 Iomlán €000 |
|---|---|---|
| Foireann: | | |
| Riarachán | 2,239 | 2,301 |
| Costais Neamhphá: | | |
| Clóbhualadh, Stáiseanóireacht, Postas & Costais Oifige eile | | |
| Earcú, Oiliúint srl. | 76 | 41 |
| Táillí Iniúchta Sheachtraigh | 24 | 30 |
| Táillí Eile | 687 | 706 |
| IOMLÁN | 3,026 | 3,078 |

## 11. COSTAIS GHINEARÁLTA OIDEACHAIS

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Foireann | | |
| Tacaíocht Mhic Léinn | 51 | 31 |
| Costais Neamhphá: | | |
| Táillí Eile | 122 | 144 |
| IOMLÁN | 173 | 175 |

12. ANAILÍS CHAITEACHAIS

| | Costais Fhoirne | **Dímhheas** | Costais **Oibriúcháin Eile** | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 434 | 0 | 132 | 566 | 820 |
| Rannóga Acadúla | 10,173 | 0 | 765 | 10,938 | 10,691 |
| Seirbhísí Acadúla | 837 | 0 | 298 | 1,135 | 1,185 |
| Costais Áiseanna | 414 | 0 | 1,304 | 1,718 | 1,943 |
| Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha | 2,239 | 0 | 787 | 3,026 | 3,078 |
| Costais Ghinearálta Oideachais | 51 | 0 | 122 | 173 | 175 |
| Seirbhísí & Áiseanna na Mac Léinn | 401 | 0 | 390 | 791 | 687 |
| Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn a cuireadh i bhfeidhm | 0 | .0 | 119 | 119 | 134 |
| Dímheas | 0 | 1,640 | 0 | 1,640 | 1,906 |
| 2011 Iomlán | 14,549 | 1,640 | 3,917 | 20,106 | 0 |
| 2010 Iomlán | 14,505 | 1,906 | 4,208 | | 20,619 |

| Anailís Chaiteachais Oibriúcháin Eile | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Ábhair agus Rudaí Intomhalta Eile | 268 | 455 |
| Solas, Teas & Cumhacht | 408 | 345 |
| Costais Deisithe agus Cothabhála | 356 | 388 |
| Ábhar Clóbhuailte, Leabhair agus Tréimhseacháin | 24 | 55 |
| Bunachair shonraí agus Trealamh Leabharlainne | 30 | 67 |
| Ceadúnais, Bogearra agus Rudaí Intomhalta Ríomhaireachta | 171 | 178 |
| Táillí Tacaíochta Mic Léinn | 116 | 134 |
| Seirbhísí Mic Léinn agus Costais Scrúdaithe | 461 | 451 |
| Ábhair agus Costais Taighde | 92 | 126 |
| Slándáil | 180 | 181 |
| Conradh agus Ábhair Ghlantacháin | 196 | 222 |
| Cothabháil Tailte agus Costais Eastát Eile | 142 | 188 |
| Ospidéal | 59 | 56 |
| Síntiúis agus Táillí Ballraíochta | 7 | 18 |
| Fógraíocht agus Poiblíocht | 264 | 357 |
| Taisteal & Cothú | 77 | 74 |
| Clóbhualadh, Stáiseanóireacht, Postas agus Costais Oifige Eile | 253 | 186 |
| Costais Chíosa, Rátaí agus Árachais | 104 | 49 |
| Earcú, oiliúint srl. | 79 | 232 |
| Táillí Iniúchta Sheachtraigh | 24 | 30 |
| Costais Chomhairleachta | 146 | 65 |
| Ceannacháin agus Cothabháil (Neamhchaipitlithe) | 131 | 106 |
| Táillí Eile | 329 | 245 |
| Iomlán | 3,917 | 4,208 |

## 13. CÁNACHAS

Tá Institiúid Teicneolaíochta Baile Bhlainséir díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi ordú stádais charthanachta.

## 14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

| | Iomlán | Foirgnimh | Foirgnimh i mbun a dtógála | Fearais & Feistis Tithe Réamhdhéanta san áireamh | Trealamh Ríomhaireachta | Gléasra & Innealra | Trealamh | Feithiclí Mótair |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €000 | €000 | €'000 | €000 | €000 | €'000 |
| Costas nó Luacháil | | | | | | | | |
| Ag **1** Meán Fómhair 2010 | 83,916 | 72,337 | 424 | 1,412 | 4,998 | 1,834 | 2.911 | 0 |
| Breiseanna | 291 | 124 | 0 | 0 | 135 | 0 | 32 | 0 |
| Cur de Láimh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 84,207 | 72,461 | 424 | 1,412 | 5,Ill | 1,834 | 2,943 | 0 |
| Dímheas | | | | | | | | |
| Ag 1 Meán Fómhair 2010 | 24,603 | 14,005 | 0 | 1,402 | 4,686 | 1,781 | 2,729 | 0 |
| Táille don bhliain | 1,640 | 1,256 | 0 | 10 | 209 | 19 | 146 | 0 |
| Cur de Láimh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | 26,243 | 15,261 | 0 | 1,412 | 4,895 | 1,800 | 2,875 | 0 |
| Glanluach de reir na Leabhar | | | | | | | | |
| Ag 31 Lúnasa 2010 | 59,313 | 58,332 | 424 | 11 | 312 | 53 | 182 | 0 |
| Luach de réir na Leabhar | | | | | | | | |
| Ag 31 Lúnasa 2011 | 57,964 | 57,200 | 424 | 0 | 238 | 34 | 68 | 0 |

Costas nó Luacháil:

Forbraíodh córas ríomhaireachta na hInstitiúide maidir le clárú mic léinn, párolla, airgeadas agus an leabharlann ag cuibhreannas a bhí ag gníomhú ar son na Ranna Oideachais agus Scileanna.

## 15. FÉICHIÚNAITHE & RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Deontais Stáit & Caipitil Eile | 106 | 298 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 70 | 56 |
| Féichiúnaithe Eile | 192 | 145 |
| Iomlán | 368 | 499 |

Soláthraíodh an córas don Institiúid trí mheán an chuibhreannais seo. Níor cuireadh san áireamh sa chlár comhardaithe ach na costais chaipitil ar íoc an Institiúid féin astu.

## 16. CREIDIÚNAITHE AGUS COSTAIS FHABHRAITHE

| | 2011 €000s | 2010 €000s |
|---|---|---|
| SUIMEANNA ATÁ DLITE LE hÍOC LAISTIGH DE BHLIAIN | | |
| Íocaíochtaí a Fuarthas Roimh Ré: | | |
| Deontais agus Conarthaí Taighde | 703 | 323 |
| Maoiniú Tacaíochta Mic Léinn Ioncaim Iarchurtha | 99 | 132 |
| Táillí Cláraithe Mic Léinn Roimh Ré | 156 | 144 |
| | 958 | 599 |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe Ceirde | 1,853 | 1,840 |
| Creidiúnaithe Eile | 0 | (3) |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | 270 | 239 |
| | 2,123 | 2,076 |
| | 3,081 | 2,675 |

## 17. DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA

| | 2011 €000s | 2010 €000s |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 59,313 | 59,774 |
| Deontais Chaipitil Stáit – An Roinn Oideachais agus Scileanna | 103 | 215 |
| Leithdháilte ó Dheontas Athfhillteach Stáit - ÚAO | 155 | 652 |
| Deontais Chaipitil Stáit – Fiontraíocht Éireann | 20 | 578 |
| Deontais Chaipitil Eile/Maoiniú | 13 | 0 |
| | 291 | 1,445 |
| Scaoileadh go hIoncam | | |
| Amúchadh de Réir Dhímheas na Sócmhainní | (1,640) | (1,906) |
| Iarmhéid deiridh | 57,964 | 59,313 |

## 18. TIOMANTAIS CHAIPITIL A BHFUARTHAS CONRADH DÓIBH ACH NÁR SOLÁTHRAÍODH

Níorbh ann d'aon tiomantais chaipitil ag deireadh na tréimhse.

## 19. DEONTAIS CHOTHABHÁLA MIC LÉINN

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí) | 763 | 814 |
| Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Aonad Tacaíochta na Mac Léinn) | 305 | 323 |
| Íocaíochtaí do Mhic Léinn | (761) | (816) |
| Íocaíochtaí do Mhic Léinn (breisithe) | (304) | (327) |
| Glanin-sreabhadh Airgid Thirim | 3 | (6) |
| Iarmhéid Tosaigh | (3) | 3 |
| Iarmhéid Deiridh | | |

Déanann an Institiúid íocaíochtaí a phróiseáil do mhic léinn maidir le deontais chothabhála CSE a fhógraítear ag an CGO nó ag an Údarás Áitiúil ábhartha. Soláthraítear maoiniú do na híocaíochtaí seo ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le soláthar cómhaoinithe ón gCiste Sóisialta Eorpach (CSE). Ní chuirtear na hidirbhearta seo san áireamh ar leithligh sa chuid Ioncaim agus Chaiteachais

20. CÚLCHISTE FORBARTHA CAIPITIL

| | 2011 €000 | 2010 €000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Meán Fómhair 2010 | 740 | 619 |
| Aistriú ó Ioncam & Caiteachas | 139 | 121 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil | 0 | 0 |
| Iarmhéid Deiridh ag 31 Lúnasa 2011 | 879 | 740 |

## 21. TEAGMHASACHTAÍ

Níorbh ann d'aon teagmhasachtaí ag 31 Lúnasa 2011.

## 22. NOCHTADH NA N-IDIRBHEART – BAILL AN BHOIRD BHAINISTÍOCHTA

Le linn a chuid gnáthghnó is féidir go ndéanfaidh an Institiúid socruithe conartha le gnóthais ina bhfuil baill Bhord Bainistíochta na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile ag baint leis dóibh. Ghlac an Institiúid le gnáthaimh de réir an Chóid Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh na leasanna ag baill an Bhoird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo le linn na bliana.

## 23. FOSTAITHE

Ba é an meánlíon fostaithe (coibhéis lánaimseartha) le linn na bliana ná 218 (2010-2009).

## 24. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Faomhadh na ráitis airgeadais ag an mBord Bainistíochta ar 14/09/2012.